**GAEILGE TEN MAITRÍS**

| Tasc/Cuid an Scrúdaithe<br><br>Task/Element of Examination | Inniúlacht<br><br>Competence | Luacháil de reir %<br><br>Weight in %* | Torthaí Foghlama<br><br>Learning Objectives | Ceisteanna Question(s) | Measúnú/Marcáil<br><br>Evaluation/Marking | Luacháil de réir pointí<br><br>Weight in Points |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Léamh-thuiscint** (30)<br><br>**Reading Comprehension** (30) | **Léamh don tusicint**<br><br>- Aimsiú, aithint agus tuiscint ghinearálta ar an téacs<br><br>**Reading for Understanding –**<br>- literal understanding - global comprehension<br><br>**Anailís**<br><br>**Analysis –** close reading<br><br>**Léirmhíniú agus léiriu**<br><br>- I**nterpretation & illustration** | 100% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha ina gcuireann scríbhneoirí dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint*<br><br>*Read and understand texts concerned with contemporary problems in which writers adopt particular viewpoints*<br><br>*Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne*<br><br>*Demonstrate insight and deeper understanding of Irish culture, including society, history , current affairs & the arts in general* | | Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdpháipéir<br><br>Paper-specific marking scheme | Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdpháipéir<br><br>Paper-specific points |
| Fo-chuid<br>Sub-part | | 100% | | | | 30 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ginchumas Scríofa (30)**<br><br>**Written Production (30)** | **Scríobh**<br>**Writing**<br><br>- Comhlíonadh riachtanais an **taisc**<br><br>- Fulfilment of **task** requirements | 30% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn*<br><br>*Write with clarity and acuracy detailed texts, such as essays, reports, letters and blogs, which express points of view or impressions on a range of topics of general interest* | | Rúibric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc<br><br>Agreed Rubric | 9 |
| | **Scríobh**<br>**Writing**<br><br>**Argóint agus smaointeoireacht chriticiúil**<br>**Arguing & Critical Thinking**<br><br>- Láimhseáil an ábhair<br>- Comhtháthú agus struchtúr smaointe<br>- Development of ideas<br>-Clarity/structuring of thought | 20% | | | Rúibric chomhaontaithe do láimhseáil an ábhair agus chomhtháthú<br><br>Agreed Rubric | 6 |
| | **Cumas Teanga**<br>**Lingustic Comptence**<br><br>- Cumas Teanga agus Cruinneas<br>- Grammaticial and Lexical Accuracy | 50% | | | Rúibric chomhaontaithe do chumas teanga agus cruinneas<br><br>Agreed Rubric | 15 |
| Fo-chuid<br>Sub-part | | 100% | | | | 30 |
| **Tuiscuint ar theacsanna litríochta**<br><br>**Understanding Literature (40)** | **Eolas**<br>-Eolas ar an téacs agus ar chomhthéacs an téacs<br>**Knowledge**<br>- Textual and Contextual | 40% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta téacsanna comhaimseartha ina gcuirtear dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar théacsanna liteartha cuí, idir phrós agus fhilíocht* | | Rúibríc chomhaontaithe don téacs agus comhthéacs<br><br>Agreed Rubric | 16 |
| | **Smaointeoireacht chriticiúil**<br>**Critical Thinking**<br>- Comhlíonadh riachtanais an taisc<br>- Fianaise den aisfhreagairt phearsanta | 40% | | | Rúibric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc & an aisfhreagairt phearsanta<br><br>Agreed Rubric | 16 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | - Fulfilment of task<br>- Personal Response | | *Read, understand and analyse appropriate literary texts, including prose and poetry*<br><br>*Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs agus na healaíona i gcoitinne*<br><br>*Demonstrate insight and deeper understanding of Irish culture, including society, history , current affairs –literature and its context & the arts in general* | | | |
| | **Cumas Teanga agus Cruinneas**<br><br>**Linguistic Competence and Accuracy** | 20% | | | Rúibric chomhaontaithe don chumas teanga agus cruinneas<br><br>Agreed Rubric | 8 |
| Fo-chuid<br>Sub-part | | | | | | 40 |
| **Iomlán Total** | | | | | | **100** |

* Athróidh luacháil na bhfo-inniúlachtaí ó scrúdpháipéar go scrúdpháipéar ag braith ar an gcineál téacs a úsáidfear. Is den tábhacht é, mar sin féin, go ndéanfar measúnú **i gcónaí ar thuiscint ar an téacs (léamhthuiscint) agus ar thuiscint ar anailís.**

* Weighting of competences in RC could vary from examination paper to examination paper depending on the nature of the text. **Main aim to ensure assessment of both reading for understanding and analysis and interpretation.**

**GAEILGE TEN MAITRÍS MARCÁLA: PÁIPÉAR SAMPLACH**
**IRISH ONL PAPER SPECIFIC MATRIX**

| **Tasc/Cuid an Scrúdaithe** | **Inniúlacht** | **Luacháil de reir %** | **Torthaí Foghlama** | **Ceisteanna** | **Measúnú/Marcáil** | **Luacháil de réir pointí** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Léamh-thuiscint** (30) | **Léamh don thuiscint**<br><br>- Aimsiu, aithint agus tuiscint ginearálta ar an teacs<br><br>**Anailís**<br><br>**Léirmhiniú agus léiriu** | 100% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha ina gcuireann scríbhneoirí dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint*<br><br>*Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne* | **Léamh don thuiscint**<br>1(a)<br>1 (b)<br>1 (c)<br><br>2 (a)<br>2(b)<br><br>3<br>4(a)<br><br>**Anailis**<br><br>4 (b)<br>5<br>8<br><br>**Léirmhiniú agus léiriu**<br><br>6<br>7 | Scéim mharcála bunaithe ar cheisteanna an scrúdphaipéir | 12<br><br>10<br><br>8 |
| Fo-chuid | | 100% | | | | 30 |
| **Ginchumas Scríofa (30)** | **Scríobh**<br><br>- Comhlíonadh riachtanais an **taisc** | 30% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta: teacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn* | 2 a/b | Rúibric chomhaontaithe do chomhlíonadh an taisc | 9 |
| | **Scríobh**<br><br>**Argóint & smaointeoireacht chriticiúil**<br>- Láimhseáil an ábhair<br>- Comtháthú | 20% | | | Rúibric chomhaontaithe do laimhseáil an ábhair agus chomhtháthú | 6 |
| | **Cumas Teanga**<br><br>- Cumas Teanga agus Cruinneas | 50% | | | Rúibric chomhaontaithe do chumas teanga agus cruinneas | 15 |
| Fo-chuid | | 100% | | | | 30 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tuiscint ar theacsanna litríochta** | **Eolas**<br>-Eolas ar an teacs agus ar chomtheacs an teacs | 40% | *Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta teacsanna comhaimseartha ina gcuireann dearcthaí sonracha chun tosaigh a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar theacsanna liteartha cuí, idir prós agus fhilíocht*<br><br>*Ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-aireofaí an tsochaí, stair, cursaí reatha, litríocht agus a comhtheacs agus na healaíona i gcoitinne* | 3<br>a1/a2<br>nó<br>b1/b2 | Rúibríc chomhaontaithe don teacs agus comhthéacs | 16 |
| | **Smaointeoireacht chriticiúil**<br>**Critical Thinking**<br>- Comhlíonadh riachtanais an taisc<br>- Fianaise den aisfhreagairt phearsanta | 40% | | | Rúibric chomhaontaithe do chomlíionadh an taisc & an aisfhreagairt phearsanta | 16 |
| | **Cumas Teanga agus Cruinneas** | 20% | | | Rúibric chomhaontaithe don chumas teanga agus cruinneas | 8 |
| Fo-chuid | | | | | | 40 |
| **Total** | | | | | | **100** |

* Athróidh luacháil na bhfoinniúlachtaí ó scrúdpháipéar go scrúdpháipéar ag braith ar an gcineál téacs a úsáidfear. Is den tábhacht é, mar sin féin, go ndéanfar measúnú **i gcónaí ar thuiscint ar an téacs (léamhthuiscint) agus ar thuiscint ar anailís.**

# GAEILGE - Teanga Eile Náisiúnta

## PÁIPÉAR SAMPLACH

**FAD AN SCRÚDAITHE: 3 hUAIRE (180 NÓIMÉAD)**

**NÍL AON ÁIS FHOGHLAMA CEADAITHE**


**NÍL AON TREORACHA SPEISIALTA**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2 AGUS 3, AS GAEILGE**
**TÁ ROGHA I gCUID 3.**

# CUID 1

## (Iomlán 30 marc)

**Léigh an giota seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.**



**Sclábhaí thú 2,617 uair sa lá, toisc go bhfuil fón póca agat…**

An raibh a fhios agat go leagann tú do mhéar ar do ghuthán póca 2,617 uair sa lá? Bhuel, tá a fhios agat anois!

Bhain an uimhir sin siar asam nuair a tháinig mé uirthi an lá cheana, in alt fada faoi theicneolaithe atá ‘ar an taobh istigh’ agus a bhfuil imní ollmhór orthu faoin tionchar atá ag gutháin chliste ar aigne an duine. Ach ní raibh inti ach staitistic scanrúil. Bhain rud a rinne mé féin aréir siar i bhfad Éireann níos mó asam. Ghreamaigh mé nóta Post-It de mo ghuthán póca agus an téacs seo air: ‘Fan amach!’ D’fhág mé an fón agus an nóta air i mo sheomra oibre agus dhún an doras i mo dhiaidh.

Sa *Guardian*, deir an Meiriceánach Cris Marcellino – fear a chaith na blianta ag obair don chomhlacht Apple agus a chum cuid den teicneolaíocht a choinníonn daoine greamaithe dá gcuid *iPhones*, ach atá ag staidéar le bheith ina dhochtúir faoi láthair – gur léir dó féin go bhfuil tionchar ag ár ngutháin phóca ar na codanna sin den aigne a n-imríonn **cearrbhachas** agus úsáid drugaí tionchar orthu freisin.

Fadó fadó nuair ba dhéagóir mé, chaithinn cuid mhór den oíche i seomra oibre m’athar, áit a mbíodh príobháideachas agam nuair a bheadh sé féin thíos staighre. Chuirinn glaoch ar mo chairde ón scoil agus chaithinn uaireanta fada an chloig ar an bhfón leo. Ní mise a bhí ag íoc an bhille!

Tháinig deireadh leis na comhráite réchúiseacha sin nuair a bhog mé amach as teach mo mhuintire agus isteach i lóistín do mhic léinn i gcathair na Gaillimhe. Ní raibh fón sa bhloc árasán ina raibh mé i mo chónaí. Bhí orainn cártaí fóin a úsáid i bhforhalla an bhloic árasán in aice linn. Bhí na cártaí fóin a ghlac an gléas sin daor, ach níorbh é sin an t-aon chúis amháin go mbíodh deifir orm ar an bhfón sna laethanta sin. Bhíodh duine éigin eile ag fústráil thart san fhorhalla fuar sin i gcónaí, ag fanacht ar dheis an diabhal fóin a úsáid.

B'in sa bhliain 1996. Is deacair a chreidiúint go raibh fón póca ag gach duine an bhliain dár gcionn – ach b'in mar a tharla. Ba é 1997 an bhliain gur ghlac an 'píobaire póca' – mar a bhaist léachtóir Gaeilge amháin in Ollscoil na Gaillimhe ar an ngléas nua-aimseartha sin ag an am – seilbh ar ár saol.

Ach níor fhill laethanta na gcomhráite a mhaireadh uaireanta an chloig. Bhí táillí na bhfón póca ard go leor, agus lena chois sin, bhí teicneolaíocht nua ann. Teachtaireachtaí téacs a bhí i gcuid mhór den phíobaireacht a bhí ar siúl ag na *Nokias* agus na *Ericssons* i bpócaí na ndaoine. In am gairid, d'éirigh sé saghas mímhúinte glaoch a chur ar dhuine nuair a dhéanfadh teachtaireacht téacs cúis.

Ar aghaidh fiche bliain. An mhí seo caite, bhí comhrá osréalach agam le duine a d'iarr orm mo shonraí teagmhála a thabhairt dó.'Tabhair dom do *WhatsApp*.' Dúirt mé leis nach raibh *WhatsApp* agam, ach thug mé dó m'uimhir ghutháin agus d'iarr air a uimhir féin a thabhairt domsa. 'Ní fiú dom m'uimhir a thabhairt duit mura bhfuil *WhatsApp* agat. Ní dhéanaim guthghlaonna.' Ní raibh teagmháil agam leis an duine sin ó shin.

Ach nach mór chuile oíche le leathbhliain anuas, caithim uair an chloig nó níos mó ar an bhfón le dlúthchara de mo chuid. Eisean a chuir tús leis an nós sin. Bíonn sé ag obair san oíche, tagann leadrán air agus cuireann sé glaoch ar a chairde, díreach mar a dhéanainnse nuair a bhí mé i mo dhéagóir. A bhuíochas leis an iomaíocht ó *WhatsApp* agus ó na modhanna cumarsáide téacsbhunaithe eile ar fad, ní chosnaíonn guthghlao faic sa lá atá inniu ann.

Agus is maith sin. Agus muid ag caint agus ag éisteacht le chéile go réchúiseach agus go foighneach, seachnaímid an strus agus na taomanna imní ar fad a thagann ar dhaoine a bhíonn ag fanacht ar theachtaireachtaí nach dtagann agus a bhíonn doiléir nuair a thagann siad. Ní theastaíonn **straoiseoga** ón té a bhaineann úsáid as an bhfón ar an gcaoi a raibh muid ceaptha úsáid a bhaint as an chéad lá riamh. An guth daonna. Nuair a bhíonn cumarsáid i gceist, ní bhíonn a shárú le fáil.

(707 focal)

*Sliocht athchóirithe bunaithe ar ailt ó phinn Alex Hijmans ar www.tuairisc.ie Deireadh Fómhair 2017*

**Gluais**

**cearrbhachas:** airgead a chuirtear mar gheall ar rud éigin (m.sh. ag cur airgid ar chapaill)

**straoiseoga**: straoiseog is ea an aghaidh bhuí le gáire a fheictear go minic ag bun téacsanna

**Freagair na ceisteanna seo a leanas i d'fhocail féin a oiread agus is féidir leat.**
**(30 marc)**

**1.**
**a)** Conas a ndeachaigh an staitistic luaite sa teideal i bhfeidhm ar an údar?
**1 mharc**

**b)** Conas a tháinig sé ar an eolas seo?
**1 mharc**

**c)** Cad a rinne an t-údar leis an bhfón póca a bhí aige féin?
**2 mharc**

**2.**
**a)** Luaigh **dhá rud** a deir an t-údar linn faoi Chris Marcellino.
**2 mharc**

**b)**
**(i)** Nuair a bhí an t-údar ina dhéagóir, cár chaith sé roinnt mhaith ama?
**(ii)** Cén fáth?
**(iii)** Cad a rinne sé ann? **3 mharc**

**3.**
Luaigh **dhá rud** a luann an t-údar faoin tslí ina ndearna sé glaonna gutháin nuair a bhí sé i gcathair na Gaillimhe.
**2 mharc**

**4.**
**a)** Cén leasainm a thug léachtóir ollscoile amháin ar an ngléas nua-aimseartha a tháinig ar an saol sna nóchaidí?
**1 mharc**

**b)** Cé go raibh fón póca ag gach duine sa bhliain 1997, cén fáth nár lean siad ar aghaidh ag caint ar an bhfón an t-am ar fad?
**2 mharc**

**5.** Cén fáth gur fearr leis an údar glaonna gutháin a dhéanamh ná téacsanna a chur?
**3 mharc**

**6.** An gceapann tú go bhfuil teideal an ghiota seo oiriúnach? Luaigh **dhá chúis** le do fhreagra.
**4 mharc**

**7.** Cén léargas a thugann an giota seo ar phearsantacht an údair?
**4 mharc**

**8.** Ag baint úsáide as do chuid Gaeilge féin, mínigh na focail agus na frásaí seo a leanas i gcomhthéacs an ghiota:

**a)** imní (líne 4)
**b)** bhog mé (líne19)
**c)** táillí (líne 30)
**d)** mímhúinte (líne 34)
**e)** dlúthchara (líne 42) **5 mharc**

## CUID 2

## (30 marc)

**Freagair A NÓ B**
**(Ní gá dul thar 250 focal.)**

**A.** Bhí tú i gcaife le dlúthchara leat a chaith cuid mhór den am ar an bhfón. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh an cuntas a scríobh tú air sin i do bhlag nó i do dhialann phearsanta.

**NÓ**

**B.** Scríobh alt do d'iris scoile ina labhraíonn tú faoi úsáid an fhóin phóca i saol an déagóra inniu.

## CUID 3

## (40 marc)

### TÉACS AINMNITHE

**Freagair A <u>NÓ</u> B**

**Léirigh go cúramach an cheist atá á freagairt agat agus déan tagairtí don téacs i do fhreagra. (Ní gá dul thar 400 focal)**

**A. *Strainséirí: Colmán Ó Raghallaigh***

**i)** Scríobh cuntas ar an léargas a thugann an t-údar dúinn san úrscéal seo ar an saol a chaitheann an lucht siúil in Éirinn.

**NÓ**

**ii)** "Tá an t-ádh le hEilí go bhfuil cara mar Niamh aici". Pléigh an ráiteas sin.

**NÓ**

**B. *Canary Wharf: Orna Ní Choileáin***

**i)** Roghnaigh **beirt charachtar** a léiríonn clisteacht sna scéalta seo.

Déan cur síos ar an méid a rinne na carachtair seo a léiríonn a gcuid clisteachta.

**NÓ**

**ii)** "Is scéalta gan dóchas iad cuid mhór de na scéalta sa chnuasach seo".

Déan plé ar an ráiteas sin maidir le **dhá ghearrscéal** ar bith atá léite agat sa chnuasach.

# Critéir mheastóireachta don scrúdú scríofa do Ghaeilge ONL

## CUID 1: Iomlán 30 marc

Is í aidhm na coda seo den scrúdú ná cumas an dalta a mheas maidir le **téacs a thuiscint.** Cuirtear ocht gceist anseo. Caithfidh an t-iarrthóir bunábhar an tsleachta a aithint agus gnéithe atá riachtanach le haghaidh brí an téacs a thuiscint a aimsiú. Tá na marcanna ag dul don tuiscint agus, dá réir sin, níl sé i gceist marcanna a bhaint de bharr easpa cruinnis.

**1.**
**a)** Conas a ndeachaigh an staitistic luaite sa teideal i bhfeidhm ar an údar?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc***

**Bhain sé geit as. / Baineadh siar as. / Is dócha nach raibh sé ag súil leis an staitistic seo. / Bhí ionadh air.**

**b)** Conas a tháinig sé ar an eolas seo?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc***

**Léigh sé in alt fada ina dtugann saineolaithe ón 'taobh istigh' léargas dúinn ar an ábhar seo. / Léigh sé é. / Léigh sé é in alt fada.**

**c)** Cad a rinne an t-údar leis an bhfón póca a bhí aige féin?

**Ghreamaigh sé nóta Post-It de leis an nóta ´Fan Amach´ air. =** ***1 mharc***
**D'fhág sé an fón ina sheomra agus d'fhan sé uaidh. =** ***2 mharc***

**2.**
**a) Luaigh dhá rud a deir an t-údar linn faoi Chris Marcellino.**

***Dhá cheann ar bith de na pointí seo a leanas= 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc***

**Is Meiriceánach é. / Tá sé ag staidéar le bheith ina dhochtúir. / Chaith sé na blianta ag obair leis an gcomhlacht *Apple. /* Chum sé cuid den teicneolaíocht a bhaineann leis an bhfón póca. / Scríobh sé alt sa *Guardian* faoin tionchar atá ag an bhfón póca ar an aigne.**

**b)**
**(i)** Nuair a bhí an t-údar ina dhéagóir, cár chaith sé roinnt mhaith ama?

**Chaith sé cuid mhaith ama i seomra oibre a athar. =** ***1 mharc***

**(ii)** Cén fáth?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc:***

**Bhí sé príobháideach. / Bhí príobháideachas aige ann. / Ní raibh aon duine eile sa seomra seachas é féin.**

**(iii)** Cad a rinne sé ann?

***Ceann amháin acu seo = 1 mharc:***

**Chuir sé glaoch ar a chairde scoile. / Chaith sé a lán ama ag caint ar an bhfón lena chairde scoile. / Chaith sé a lán ama ar an bhfón ag cur glaonna ar a chairde scoile.**

**3**. Luaigh **dhá rud** a luann an t-údar faoin tslí ina ndearna sé glaonna gutháin nuair a bhí sé i gcathair na Gaillimhe.

***Dhá cheann acu seo = 1 mharc + 1 mharc:***

**Bhain sé úsáid as (cheannaigh sé) cártaí fóin (a bhí daor). / Rinne sé na glaonna ar an bhfón a bhí i bhforhalla an bhoc árasán. / Ní raibh sé chomh éasca an fón a úsáid nó glaonna fada a chur mar bhí daoine ag fanacht ar a seal.**

**4.**
**a)** Cén leasainm a thug léachtóir ollscoile amháin ar an ghléas nua-aimseartha a tháinig ar an saol sna nóchaidí?

**An píobaire póca =** ***1 mharc***

**b)** Cé go raibh fón póca ag gach duine sa bhliain 1997, cén fáth nár lean siad ar aghaidh ag caint ar an bhfón an t-am ar fad?

***Dhá cheann acu seo = 1 mharc + 1 mharc:***

**Bhí costas(táillí) na bhfón póca ródhaor. = 1 mharc**
**Bhí teicneolaíochtaí nua ann. / Bhí na teachtaireachtaí téacs ann.**
***= 1 mharc***

**5**. Cén fáth gur fearr leis an údar glaonna gutháin a dhéanamh ná téacsanna a chur?

***Ceann amháin acu seo = 3 mharc***

**Ní úsáideann sé *WhatsApp. /* ní maith leis a bheith ag fanacht ar theachtaireachtaí. /**
**Níl guthghlao daor anois. / B'fhearr leis bheith ag caint mar caitheann sé uair a chloig nó níos mó ag caint le cara leis gach oíche.**

**6**.An gceapann tú go bhfuil teideal an ghiota seo oiriúnach? Luaigh **dhá chúis** le do fhreagra.

***Dhá cheann acu seo x 2 mharc = 4 mharc***

***Tá féidearthachtaí éagsúla anseo. Má thugann an t-iarrthóir freagra le dealramh a léiríonn an tuiscint atá aige/aici ar oiriúnacht an teidil, moltar marcanna a bhronnadh air. Glac le cúiseanna ar aon dul leis na pointí seo a leanas:***

**Léiríonn an giota go bhfuil tionchar láidir ag an bhfón póca ar ár saol. /Táimid cosúil le sclábhaithe ag an bhfón póca. / Leagaimid ár méaranna ar an nguthán na mílte uair in aghaidh an lae. / Tuigeann an t-údar an baol agus an tionchar a bhaineann leis an bhfón póca agus fanann sé amach uaidh.**

**7.** Cén léargas a thugann an giota seo ar phearsantacht an údair?

**Ceann amháin acu seo = 4 mharc**

***Tá féidearthachtaí éagsúla anseo. Má thugann an t-iarrthóir freagra le dealramh a léiríonn fianaise ar phearsantacht an údair, moltar marcanna a bhronnadh air***

**Freagraí féideartha:**

- **Is duine é a léann ailt agus a chuireann suim i bhfíricí.**
- **Tá sé dáiríre faoi thionchar a d'fhéadfadh an fón póca a imirt air mar fanann sé amach óna fhón póca féin.**
- **Is duine cainteach é. Is maith leis bheith ag caint le cara leis ar an bhfón gach oíche.**
- **Theastaigh príobháideachas uaidh nuair a bhí sé níos óige. Théadh sé go seomra oibre a athar gach oíche chun go mbeadh príobháideachas aige.**
- **Níl sé tugtha don teicneolaíocht nua-aimseartha. B'fhearr leis an guth agus an chumarsáid dhaonna.**
- **Tá féith an ghrinn aige. Deir sé go gcaitheadh sé uaireanta fada an chloig ag caint lena chairde scoile ar an bhfón ach nach eisean a bhí ag íoc an bhille!**

**8.** Ag baint úsáide as do chuid Gaeilge féin, mínigh na focail agus na frásaí seo a leanas i gcomhthéacs an tsleachta:

**a)** imní (líne 4) **buaireamh / trioblóid aigne = 1 mharc**
**b)** bhog mé (líne 19) **d'aistrigh mé / chuaigh mé chun cónaí = 1 mharc**
**c)** táillí (líne 30) **costais / praghas ruda = 1 mharc**
**d)** mímhúinte (líne 34) **drochbhéasach / gan bheith béasach ná deas = 1 mharc**
**e)** dlúthchara (líne 42) **cara dil / an cara is fearr / cara mór = 1 mharc**

## CUID 2
## (30 marc)

**Freagair A NÓ B (Ní gá dul thar 250 focal.)**

**A**. Bhí tú i gcaife le dlúthchara leat a chaith cuid mhór den am ar an bhfón. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh an cuntas a scríobh tú air sin i do bhlag nó i do dhialann phearsanta.

**NÓ**

**B.** Scríobh alt do d'iris scoile ina labhraíonn tú faoi úsáid an fhóin phóca i saol an déagóra inniu.

## Rúibric don Ghinchumas Scríofa
## Iomlán = 30 marc

| | 9 | 8 | 7 | 6 | 5 | 3-4 | 0-2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh riachtanais an taisc** | Léiriú sárchumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Léiriú an-chumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Léiriú cumasach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Léiriú sásúil ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Léiriú dóthaineach ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Léiriú teoranta ar chomhlíonadh riachtanais an taisc | Neamhábalta riachtanais an taisc a chomhlíonadh |
| | 6 | 5 | 4 | 4 | 3 | 2 | 0-1 |
| **Láimhseáil an ábhair agus comhtháthú smaointe** | Léiriú sárchumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Léiriú an-chumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Léiriú cumasach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Léiriú sásuil ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Léiriú dóthaineach ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Léiriú teoranta ar láimhseáil an ábhair agus ar chomhtháthú smaointe | Neamhábalta láimhseáil an ábhair agus comhtháthú smaointe a léiriú |
| | 14-15 | 12-13 | 10-11 | 8-9 | 7 | 4-6 | 0-3 |
| **Cumas Teanga agus Cruinneas** | Léiriú sárchumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú an-chumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú cumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú sásúil ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú dóthaineach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú teoranta ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Neamhábalta scríobh: cumas teanga agus cruinneas a léiriú |

# CUID 3
# (40 marc)

## TÉACS AINMNITHE

**Léirigh go cúramach an cheist atá á freagairt agat agus déan tagairtí don téacs i do fhreagra. (Ní gá dul thar 400 focal)**

**Freagair A NÓ B:**

**A.** ***Strainséirí: Colmán Ó Raghallaigh***

**i)** Scríobh cuntas ar an léargas a thugann an t-údar dúinn san úrscéal seo ar an saol a chaitheann an lucht siúil in Éirinn.

**NÓ**

**ii)** "Tá an t-ádh le hEilí go bhfuil cara mar Niamh aici". Pléigh an ráiteas sin.

**NÓ**

**B.** ***Canary Wharf: Orna Ní Choileáin***

**i)** Roghnaigh beirt charachtar a léiríonn clisteacht sna scéalta seo. Déan cur síos ar an méid a rinne na carachtair seo a léiríonn a gcuid clisteachta.

**NÓ**

**ii)** "Is scéalta gan dóchas iad cuid mhór de na scéalta sa chnuasach seo".Déan plé ar an ráiteas sin maidir le **dhá ghearrscéal** ar bith atá léite agat sa chnuasach.

## Rúibric don Tuiscint ar Théacsanna Litríochta
## Iomlán = 40 marc

| | 15-16 | 13-14 | 11-12 | 9-10 | 8 | 4-7 | 0-3 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eolas : Téacs agus Comhthéacs | Léiriú sárchumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs | Léiriú an-chumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs | Léiriú cumasach ar eolas: téacs agus comhthéacs | Léiriú sásúil ar eolas: téacs agus comhthéacs | Léiriú dóthaineach ar eolas: téacs agus comhthéacs | Léiriú teoranta ar eolas: téacs agus comhthéacs | Neamhábalta eolas: téacs agus comhthéacs a léiriú |
| | 15-16 | 13-14 | 11-12 | 9-10 | 8 | 4-7 | 0-3 |
| Smaointeoireacht Chriticiúil | Léiriú sárchumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Léiriú an-chumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Léiriú cumasach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Léiriú sásúil ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Léiriú dóthaineach ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Léiriú teoranta ar chomhlíonadh an taisc agus ar aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs | Neamhábalta an tasc a chomhlíonadh agus aisfhreagairt phearsanta bunaithe ar fhianaise an téacs a léiriú |
| | 8 | 7 | 6 | 5 | 4 | 2-3 | 0-1 |
| Cumas Teanga agus Cruinneas | Léiriú sárchumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú an-chumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú cumasach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú sásúil ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú dóthaineach ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Léiriú teoranta ar scríobh: cumas teanga agus cruinneas | Neamhábalta scríobh: cumas teanga agus cruinneas a léiriú |